

Dréachtphlean Forbartha Contae Loch Garman 2021-2027

Imleabhar 4 Alt 28 Ráiteas Comhlíontachta

Meán Fómhair 2020

Réamhrá

Ceanglaíonn Alt 28 d'Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú) ar údarás pleanála ráiteas a iarcheangal le dréachtphlean forbartha a áirítear ann faisnéis a léiríonn conas atá beartais agus cuspóirí an Aire atá le fáil in Alt 28 Treoirlínte curtha chun feidhme ag an údarás pleanála le linn dó an plean a ullmhú. Sa chás gur chinn an t-údarás pleanála gan beartais nó cuspóirí áirithe de chuid an Aire atá le fáil sna treoirlínte a chur chun feidhme, ní mór na cúiseanna atá leis an gcinneadh a shonrú sa ráiteas.

Tá an ráiteas seo ullmhaithe de réir Alt 28, agus sonraítear ann conas ar chuir an t-údarás pleanála Alt 28 Treoirlínte an Aire chun feidhme i nDréachtphlean Forbartha Contae Loch Garman 2021-2027.

Seo a leanas Treoirlínte Alt 28:

1. Pleananna Forbartha - Treoirlínte Pleanála d'Údaráis Phleanála (2007)
2. Pleananna Ceantair Áitiúil - Treoirlínte d'Údaráis Phleanála (2013)
3. Pleananna Forbartha - Treoirlínte Pleanála d'Údaráis Phleanála (2007)
4. Ranníocaíochtaí Forbartha - Treoirlínte d'Údaráis Phleanála (2013)
5. Treoirlínte Bainistíochta Riosca i gcás Tuilte d'Údaráis Phleanála (2009)
6. Tithíocht Uirbeach Inbhuanaithe: -Caighdeáin Dearaidh le haghaidh Árasán Nua d'Údaráis Phleanála (2018)
7. Forbairt Chónaithe Inbhuanaithe i gCeantair Uirbeacha-Treoirlínte d'Údaráis Phleanála agus Lámhleabhar Dea-chleachtais Dearadh Uirbeach (Comhdhoiciméad leis na Treoirlínte) (2009).
8. Forbairt Uirbeach agus Airdí Foirgnimh: Treoirlínte d'Údaráis Phleanála (2018)
9. Tithíocht Tuaithe Inbhuanaithe - Treoirlínte d'Údaráis Phleanála (2005)
10. Cuid V d'Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú) (2017)
11. Lámhleabhar Dearaidh do Shráideanna agus Bóithre Uirbeacha (2012, nuashonraithe 2019)¹
12. Pleanáil Spásúil agus Bóithre Náisiúnta – Treoirlínte d'Údaráis Phleanála (2012)

¹ Tá sé éigeantach go mbeadh na treoirlínte seo á gcur chun feidhme ag gach údarás bóithre. Dá réir sin, déileálann an tÚdarás Pleanála leo mar Alt 28.

13. Treoirlínte Pleanála Miondíola d'Údaráis Phleanála agus Lámhleabhar Dearadh Miondíola – Treoir Dea-Chleachtais (2012)
14. Soláthar Scoileanna agus an Córas Pleanála - Cód Cleachtais d'Údaráis Phleanála (2008)
15. Treoirlínte Saoráidí Cúraim Leanaí (2001)
16. Cosaint Oidhreachta Ailtireachta-Treoirlínte d'Údaráis Phleanála (2004 agus 2011)
17. Cosaint Oidhreachta Ailtireachta d'Ionaid Adhartha-Treoirlínte d'Údaráis Phleanála (2003)
18. Aeróga Teileachumarsáide agus Struchtúir Thacaíochta (1996) agus Imlitir PL07/12
19. Fuinneamh Gaoithe - Treoirlínte d'Údaráis Phleanála (2006) agus Treoirlínte Eatramhacha d'Údaráis Phleanála maidir le Pleananna Reachtúla, Fuinneamh In-athnuaite agus Athrú Aeráide
20. Cairéil agus Gníomhaíochtaí Coimhdeacha-Treoirlínte d'Údaráis Phleanála (2004)
21. Cur chun feidhme threoir SEA (2001/42/CE): Measúnú ar Éifeachtaí Pleananna agus Tionscadal Áirithe ar an Timpeallacht-Treoirlínte d'Údaráis Réigiúnacha agus d'Údaráis Phleanála (2004)
22. Treoirlínte d'Údaráis Phleanála agus do An Bord Pleanála maidir le Measúnú Tionchair Timpeallachta a chur i gcrích (2012)
23. Tírdhreach agus Measúnú Tírdhreacha-Treoirlínte d'Údaráis Phleanála (2000) Dréacht

1. Pleananna Forbartha - Treoirlínte Pleanála d'Údaráis Phleanála (2007)

Lean ullmhú an Phlean Forbartha Contae (PFC) an chomhairle sna treoirlínte maidir le plean forbartha a bhunú ina soláthraítear creat soiléir don phobal agus cuspóirí réalaíocha ar féidir iad a chur i gcrích. Tá ceanglais na reachtaíochta pleanála á comhlíonadh ag PFC agus tá sé comhsheasmhach ar bhonn inmheánach. Leanadh an treoir chomh fada is a bhain le struchtúr agus inneachar agus déileáiltear go cuimsitheach leis na saincheistanna ábhartha pleanála. Glactar leis go bhfuil an PFC éasca le léamh, go bhfuil sé nádúrtha agus loighciúil chomh fada is a bhaineann le saincheistanna straitéiseacha agus ceistanna níos mionsonraithe agus go bhfuil sé leagtha amach go soiléir agus go bhfuil léaráidí agus mapaí in úsáid chun tuiscint agus léirmhíniú a fheabhsú. Tagraíonn Cuspóirí CS14 agus SH10 do chur chun feidhme na dTreoirlínte amach anseo.

2. Pleananna Ceantair Áitiúil - Treoirlínte d'Údaráis Phleanála (2013)

Tarraingítear aird sna treoirlínte ar dhea-chleachtas i bhforbairt pleananna ceantair áitiúil agus is é an aidhm atá ann caighdeán agus éifeachtacht na bpleananna seo a fheabhsú. Sonraítear sna treoirlínte nach mór do Phleananna Ceantair Áitiúil (PCAanna) díriú ar riachtanais an phobail áitiúil a shainaithint agus torthaí ar ardchaighdeán a sholáthar don phobal sin trí rannpháirtíocht phoiblí feabhsaithe i bpróiseas ullmhaithe an phlean. Tá ról lárnach ag PCAanna i bhforbairt gheilleagrach a chur chun cinn mar aon le forbairt fostaíochta agus breithniúcháin timpeallachta a chomhtháthú cosúil le hathrú aeráide, bithéagsúlacht agus infreastruchtúr glas sa phróiseas pleanála áitiúil. Leagtar béim chomh maith ar ról PCAanna i mbeartais náisiúnta a chur chun feidhme a bhaineann le pleanáil le haghaidh scoileanna, taisteal níos cliste, forbairt chónaithe inbhuanaithe agus dearadh uirbeach. Ceanglaíonn na Treoirlínte go mbaintear úsáid as grafaicí/samhaltú 2T agus 3T/léaráidí agus grianghraif mar mhodh cumarsáide agus lena chinntiú gur furasta don phobal áitiúil agus d'fhorbróirí an fhís agus na cuspóirí don cheantar a thuiscint go héasca.

Sonraítear i gCuspóir CS14 agus SH10 go mbeidh aird ag an údarás pleanála ar na treoirlínte seo agus ar aon leagan nuashonraithe nuair a bhíonn pleananna ceantair áitiúil nua á n-ullmhú sa chontae. Cuimsítear sa PCA freisin gnéithe de na Treoirlínte seo trí úsáid a bhaint as grafaicí chun coincheapa a léiriú cosúil le 'Bealach', 'Áit' agus 'Tírdhreach' in Imleabhar 3 Pleananna Lonnaíochta.

3. Pleananna Forbartha - Treoirlínte Pleanála d'Údaráis Phleanála (2007)

Is é ról na bainistíochta forbartha na cuspóirí atá sonraithe in PCA a sholáthar. Is é an aidhm atá leis na treoirlínte seo dea-chleachtas a chur chun cinn ag gach céim den phróiseas bainistíochta forbartha. Chomh maith leis sin, cabhraíonn na treoirlínte seo le húdaráis phleanála seirbhís ar archaighdeán a chur ar fáil d'úsáideoirí an phróisis pleanála. Sonraítear in Imleabhar 2 de PCA na caighdeáin bainistíochta forbartha a úsáidfear chun iarratais phleanála a mheas agus a bhreithniú. Sonraítear sa réamhrá nach bhfuil na caighdeáin seo uileghabhálach agus gur cheart iad a léamh i dteannta leis na himleabhair eile den PCA agus, más cuí, le Treoirlínte don Aire Alt 28. Chomh maith leis sin, tagraíonn an PCA do sheirbhís

réamhphleanála na Comhairle ar féidir le hiarratasóirí agus a gníomhairí tairbhe a bhaint aisti agus a sholáthróidh faisnéis dóibh maidir le cuspóirí agus caighdeáin bainistíochta forbartha ábhartha a bhaineann lena dtograí forbartha.

4. Ranníocaíochtaí Forbartha - Treoirlínte d'Údaráis Phleanála (2013)

Is é an aidhm atá leis na treoirlínte seo treoir nuashonraithe a sholáthar maidir le bunú ranníocaíochtaí forbartha chun léargas a thabhairt ar athruithe suntasacha geilleagracha a raibh tionchar acu ar gach earnáil ó eisíodh an treoir den uair dheireanach in 2007. Cé go n-aithnítear gur feidhm fhorchoimeáda é glacadh le Scéimeanna Ranníocaíochta Forbartha de chuid na gComhaltaí Tofa de gach údarás phleanála, ceann de na haschuir a bhfuil súil leis ón treoir nua is ea leibhéal feabhsaithe comhsheasmhachta i scéimeanna ranníocaíochta forbartha ar bhonn náisiúnta a bheidh mar bhonn le soiléire feabhsaithe a chabhróidh le cinntí infheistíochta a dhéanamh i gceantair éagsúla údaráis áitiúil. Thug an Chomhairle aird ar na treoirlínte nuair a bhí an scéim reatha á hullmhú. Tagraítear don scéim seo in Imleabhar 2 Lámhleabhar Bainistíochta Forbartha, agus cuirfear an scéim i bhfeidhm i bhforbairtí ábhartha.

5. An Córas Pleanála agus Bainistíocht Riosca i gcás Tuilte - Treoirlínte d'Údaráis Phleanála (2009)

Tá na treoirlínte seo curtha san áireamh sa PFC trí Mheasúnú Straitéiseach Riosca i gCás Tuilte (MRST) a ullmhú atá le fáil in Imleabhar 11 de PFC. Áirítear sa MRST seo MRT Céim 3 le haghaidh Calafort Ros Láir agus Cill Ruáin agus Baile Bhun Clóidí a úsáideadh nuair a bhí cinntí maidir le criosú úsáide talún á ndéanamh le haghaidh na lonnaíochtaí sin. Tá fianaise ar thábhacht na bainistíochta riosca i gcás tuilte le fáil ar fud an PFC, agus tá rannóg thiomanta le fáil i gCaibidil 9. Áirítear sa rannóg seo cuspóirí chun tús áite a thabhairt do bhainistíocht riosca i gcás tuilte agus lena áirithiú go bhfuil ullmhúchán pleananna ceantair áitiúil agus gach togra forbartha amach anseo ag cloí go hiomlán leis na treoirlínte, go háirithe, cur chun feidhme an chuir chuige sheicheamhaigh, ullmhú measúnuithe riosca i gcás tuilte suíomhoiriúnaithe, cur i bhfeidhm agus comhlíonadh Fírinniú Bainistíochta Forbartha nuair is gá agus a áirithiú go bhfuil bearta maolaithe cúí i bhfeidhm. Baineann cuspóirí FRM03, 06, 07 agus 08 go sonrath le cur chun feidhme na dtreoirlínte seo.

6. Dearadh Uirbeach Inbhuanaithe-Caighdeáin Dearaidh le haghaidh Árasán Nua d'Údaráis Phleanála (2018)

Tá tagairt déanta do na treoirlínte seo i gCaibidil 4 Tithíocht Inbhuanaithe, Caibidil 14 Caitheamh Aimsire agus Spás Oscailte agus Imleabhar 2 Lámhleabhar Bainistíochta Forbartha.

Pléitear i gCaibidil 4 suíomh árasán, tógáil le ligean ar cíos agus cóiríocht maireachtáil chomhroinnte agus meascán tithíochta amach anseo. Dírítear i Rannóg 4.7.5 ar Cheanglas Beartas Pleanála Straitéisí (CBPS) 1, 2, 7 agus 8 agus áirítear ann cuspóir sonrath (Cuspóir SH14) chun na treoirlínte seo a chur chun feidhme, lena n-áirítear na CBPSanna. Sonraítear i gCaibidil 14 Caitheamh Aimsire agus Spás Oscailte na ceanglais a bhaineann le spás oscailte poiblí agus áiseanna súgartha atá luaite sna treoirlínte agus tagraítear do na treoirlínte i gCuspóir ROS21. Cuimsítear i Rannóg 3 in Imleabhar 2 Lámhleabhar Bainistíochta Forbartha caighdeáin dearaidh árasáin agus saoráidí poiblí in árasáin agus déileáiltear le CBPS 3-6.

7. Forbairt Chónaithe Inbhuanaithe i gCeantair Uirbeacha-Treoirlínte d'Údaráis Phleanála agus Lámhleabhar Dea-chleachtais Dearadh Uirbeach (Comhdhoiciméad leis na Treoirlínte) (2009)

Cé go dtagraítear do na treoirlínte seo ar fud PFC, is comhpháirt thábhachtach iad de Chaibidil 3 Croístraitéis, Caibidil 4 Tithíocht Inbhuanaithe, Caibidil 5 Bailte agus Sráidbhailte, Caibidil 14 Caitheamh Aimsire agus Spás Oscailte, Caibidil 15 Infreastruchtúr Inbhuanaithe Poiblí agus Sóisialta, Imleabhar 2 Caighdeáin Bainistíochta Forbartha agus Imleabhar 3 Pleananna Lonnaíochta.

Tá sé mar aidhm le PFC forbairtí inbhuanaithe ar ardchaighdeán a sholáthar, a sholáthraíonn bailte agus comharsanachtaí ar ardchaighdeán, áiteanna a bhfuil daoine ag iarraidh maireachtáil iontu agus a bheith ag obair iontu, áit atá oiriúnach do gach duine. Is ionann na treoirlínte seo agus bunús na gCuspóirí sa phlean a cheanglaíonn go mbeidh aird ag dlús, scála agus foirm na forbartha cónaithe ar na treoirlínte agus ar an lámhleabhar. Tá tionchar ag an lámhleabhar forbartha ar fhorbairt na bprionsabal dearadh uirbeach freisin atá cuimsithe i gCaibidil 5 Bailte agus Sráidbhailte agus Imleabhar 2 Caighdeáin Bainistíochta Forbartha.

Sonraítear sa Chroístraitéis go gcinnefar na leithdháiltí deiridh dlúis bunaithe ar na Pleananna Ceantair Áitiúil faoi seach, agus go mbeidh siad saincheaptha de réir an dlúis atá sonraithe in Tithíocht Inbhuanaithe i gCeantair Uirbeacha - Treoirlínte d'Údaráis Phleanála agus ceanglais an Chreata Náisiúnta Pleanála i dtéamaí fás dlúth agus ceanglas go mbeidh 30% de gach forbairt chónaithe i láithreáin inlíonta agus athfhorbraíochta.

Áirítear in Rannóg 4.7.2 Bainistíocht Talamh Tithíochta rannóg dlúis (Rannóg 4.7.2.1), ina sonraítear go mbeidh dlús cónaithe á chur i bhfeidhm go ginearálta de réir Thábla 4-5 ina sonraítear na leithdháiltí táscacha dlúis le haghaidh lonnaíochtaí Leibhéal 1-4. Pléitear lonnaíochtaí Leibhéal 5-6 sa rannóg seo freisin.

Tagraíonn cuspóirí SH08, SH13, ROS10 agus SC08 do na treoirlínte go sonrath.

8. Forbairt Uirbeach agus Airdí Foirgnimh: Treoirlínte d'Údaráis Phleanála (RTPRÁ, Nollaig 2018)

Déileáiltear go príomha leis na treoirlínte seo i gCaibidil 5 Bailte agus Sráidbhailte agus in Imleabhar 2 Lámhleabhar Bainistíochta Forbartha.

Baineann Rannóg 5.9.6 de Chaibidil 5 Bailte agus Sráidbhailte le dlús agus airdí foirgnimh, agus tacaítear le ról dlús méadaithe agus airdí foirgnimh méadaithe chun fás dlúth NSO 1 a chomhlíonadh.

Ceanglaíonn CBPS 1 sna treoirlínte ar údaráis áitiúla na háiteanna ina mbeidh airdí foirgnimh méadaithe i bhfeidhm a shaináithint i suíomhanna na bpleananna forbartha. Chuige sin, sonraítear an cur chuige beartaithe i gCuspóirí TV42 agus TV43 i gCaibidil 5.

Chomh maith leis sin, sonraítear sa rannóg seo ceanglais CBPS 2 a cheanglaíonn ar údaráis phleanála a áirithiú go bhfuil foráil déanta le haghaidh meascán cuí úsáidí, cosúil le tithíocht agus úsáidí tráchtála nó fostaíochta, sna pleananna forbartha agus spreagfar úsáidí measctha den chineál sin freisin sna hiarratais phleanála ag suíomhanna cuí. Os a choinne sin, ceanglaíonn CBPS 2 go mbeidh úsáid á baint as meicníochtaí cosúil le seicheamhú

blocsheadta lena áirithiú go mbeidh athfhorbairt uirbeach chuimsitheach á déanamh ar bhealach a dhéileálann leis an riachtanas atá le húsáidí oifig tithíochta, sóisialta agus pobail. Tá foráil déanta don chur chuige blocsheadta sna ceanglais dearadh uirbeach atá sonraithe i gCaibidil 5.

Forálann Cuspóir TV44 le haghaidh CBPS 3 (comhlíontacht le Critéir Bainistíochta Forbartha Rannóg 3.2 sna Treoirlínte) le haghaidh CBPS 3 agus CBPS 4 (meascán tithíochta ar shuíomhanna úrnua nó imeall an bhaile) curtha san áireamh freisin i Rannóg 2 d'Imleabhar 2 de Chaighdeán Bainistíochta Forbartha.

9. Tithíocht Tuaithe Inbhuanaithe-Treoirlínte d'Údaráis Pleanála (2005)

Sonraítear i gCaibidil 4 Tithíocht Inbhuanaithe (Alt 4.9) an beartas tithíochta tuaithe don chontae a forbraíodh bunaithe ar an modheolaíocht atá sonraithe sna treoirlínte. Bhí tionchar ag NPO 19 in CNP ar an rannóg seo freisin. Sainithnítear in PFC 3 chineál ceantar tuaithe, agus cuirtear saintréithe na gceantar tuaithe laistigh den chontae san áireamh agus na ceanglais dhifriúla tithíochta atá ag pobail uirbeacha agus tuaithe. Ceanglaíonn Cuspóir SH39 coinníoll sealbhaithe 10 mbliana a bheith luaite le ceadanna pleanála le haghaidh tithíocht tuaithe aonuaire faoin tuath. Chomh maith leis sin, sonraítear in PFC cuspóirí forbartha a bhaineann le tithíocht agus acmhainní nádúrtha agus iompar (SH04) agus sonraítear i Rannóg 3.1 d'Imleabhar 2 Lámhleabhar Bainistíochta Forbartha na critéir mheasúnaithe don chineál seo forbartha.

10. Cuid V d'Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (2017)

Baineann na treoirlínte seo le cur chun feidhme Chuid V ag an gcéim bainistíochta forbartha, agus tarraingítear aird ar an tábhacht a bhaineann le rannpháirtíocht luath ag an gcéim réamhpleanála. Chomh maith leis sin, tagraítear sna treoirlínte don 6 rogha dhifriúla atá ar fáil d'fhorbróirí agus conas is féidir iad a chomhlíonadh. Tagraítear i gCaibidil 4 Tithíocht Inbhuanaithe (Rannóg 4.7.1) agus Imleabhar 9 Straitéis Tithíochta do na treoirlínte seo agus leanfaidh an Chomhairle leis na treoirlínte seo a chur i bhfeidhm, agus aon nuashonruithe a dhéanfar amach anseo, nuair a bheidh Cuid V tithíocht shóisialta á cur chun feidhme agus á soláthar. Tagraíonn Cuspóir SH17 do chur chun feidhme Chuid V.

11. Lámhleabhar Dearaidh do Shráideanna agus Bóithre Uirbeacha (2012, agus nuashonraithe in 2019)

Tá na Treoirlínte seo luaite go minic in PFC, agus tacaíonn siad leis na cuir chuige agus leis na cuspóirí a bhaineann le dearadh bóithre agus sráideanna i mbailte agus i sráidbhailte an chontae. Tá fianaise ar na treoirlínte seo le fáil i gCaibidil 5 Bailte agus Sráidbhailte, Caibidil 8 Iompar, Imleabhar 2 Caighdeáin Bainistíochta Forbartha agus Imleabhar 3 Lonnaíochtaí.

Tá ordlathas bealaí le haghaidh bóithre agus sráideanna forbartha bunaithe ar na treoirlínte: Bealaí Artaireacha, Nascbhealaí agus Bealaí Áitiúla. Tá bealach breise sainaitheanta do Chontae Loch Garman freisin – bóthar tuaithe/glasbhealaí. Mar aon le dearadh bóithre mionsonraithe agus feidhm ghluaiseachta, beidh an cineál bealaí seo mar bhonn le dearadh, líne thógála/éadanas, cineál foirgnimh, airde foirgnimh, dlús agus cóiriú tírdhreacha. Tá caighdeáin dearaidh le haghaidh gach cineál bealaí sonraithe i gCaibidil 5 agus Imleabhar 2 Lámhleabhar Bainistíochta Forbartha a áirítear ann freisin trasghearrthacha táscacha le haghaidh gach bealach.

Tá an mhaitrís oiriúnach maidir le luasanna dearaidh san áireamh sa Lámhleabhar freisin agus tá raon cuspóirí san áireamh i gCaibidil 5 Bailte agus Sráidbhailte agus Caibidil 8 Iompar a thugann éifeacht do na treoirlínte seo cosúil le Cuspóir TV26, TS16, TS26 agus TS39.

12. Pleanáil Spásúil agus Bóithre Náisiúnta – Treoirlínte d’Údaráis Phleanála (2012)

Úsáideadh Treoirlínte d’Údaráis Phleanála maidir le Pleanáil Spásúil agus Bóithre Náisiúnta (‘na Treoirlínte Pleanála’) chun ábhar an Dréachtphlean Forbartha a fhorbairt.

Is dlúthchuid den Chroístraitéis, Straitéis Lonnaíochta agus straitéis chun Bailte agus Sráidbhailte a fhorbairt é glacadh leis an idirghaolmhaireacht idir éileamh agus pleanáil iompair a thacaíonn le fás dlúth i lonnaíochtaí sa chontae. Áirithíonn an plean go bhfuil úsáidí talún ailínithe leis an infreastruchtúr agus leis na seirbhísí iompair atá ann agus atá beartaithe a fhorbairt.

Déileáiltear go sonrath le saincheisteanna iompair i gCaibidil 8 den Dréachtphlean. Tacaítear go sonrath sa chaibidil sin le modhanna iompair inbhuanaithe agus áirithítear go bhfuil

feidhm bóithre náisiúnta laistigh de ghréasán uile-Eorpach Ten-T á cosaint agus á cur chun cinn.

Áirítear i Rannóg 8.7.1 de Chaibidil 8 ráitis agus cuspóirí mionsonraithe beartais a bhaineann le Bóithre Náisiúnta atá sa chontae cheana féin agus atá beartaithe a thógáil sa chontae. Ag léiriú a bhfuil sonraithe sna Treoirínte Pleanála, áirítear sa Rannóg seo ráitis agus cuspóirí beartais a bhaineann le:

- Feabhsú naisc na mbóithre náisiúnta le Europort Ros Láir ó Mhaolán na nGabhar, agus tugtar aird in ábhar an Phlean ar an bpróiseas reatha agus leantach a bhaineann leis an Rannóg Roghanna atá á chur i gcrích ag Bonneagar Iompair Éireann (TII), an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus Comhairle Contae Loch Garman (Cuspóirí TS52 agus TS54).
- Feabhsú naisc na mbóithre náisiúnta le Europort Ros Láir laistigh de Chalafort Ros Láir, agus aird sa Phlean ar an bpróiseas reatha roghanna atá á chur i gcrích ag TII agus Comhairle Contae Loch Garman (Cuspóirí TS54 agus TS55).
- Cosaint bhealach faofa sheach-chonair an N30 Cluain an Róistigh (Cuspóir TS53).
- Tacaíocht le haghaidh uasghrádú an N80 amach anseo le haghaidh cúiseanna sábháilteachta agus acmhainne (Cuspóir TS56).

Sonraítear i gCuspóir TS59 rún na Comhairle cruthú úsáid nua nó diansaothraithe pointí rochtana reatha ar an ngréasán bóithre náisiúnta áit a bhfuil luasteorainneacha 60 kmh i bhfeidhm. Tá fianaise le fáil i gCatagóir 1 'Imthosca Eisceachtúla' sainaitheanta sa Chuspóir seo ar phrionsabail Rannóg 2.6 de na Treoirínte Pleanála ach mar gheall ar mhéid an ghréasáin bóithre náisiúnta sa chontae agus an gréasán teoranta mótarbhealaí, ní féidir stráicí sonracha den bhóthar náisiúnta a shainithint roimh ré. Anuas air sin, ní féidir forbairt fhéideartha tábhacht náisiúnta nó réigiúnach agus a gceanglais a réamhthuar, a d'fhéadfadh teacht chun cinn thar thréimhse an Phlean.

Is ionann na 'Imthosca Eisceachtúla' sainaitheanta i gCatagóirí 2,3 agus 4 agus cur chuige pragmatach i ndáil le himthosca reatha ar bhóithre náisiúnta sa Chontae faoi láthair. Tá foclaíocht Chuspóir TS59, lena n-áirítear na catagóirí 'Imthosca Eisceachtúla', ag teacht le

cuspóir (T20) ó Phlean Forbartha Contae Loch Garman 2013-2019 (an leagan breisithe), a comhaontaíodh i ndiaidh comhairliúcháin shuntasáigh leis an Údarás um Bóithre Náisiúnta / TII ag an am sin. Athdhearbhaíodh go bhfuil na ceithre chatagóir eisceachtúil agus nach ndéanfar iad a bhreithniú ach amháin faoi réir comhlíontachta leis na critéir mhionsonraithe atá luaite i gCuspóir TS59 a áirítear ann sábháilteacht, acmhainn agus oibriú éifeachtúil bóithre náisiúnta nach mbeifear sásta a ligean i ndearmad.

Tá fianaise le fáil sna cuspóirí laistigh den chaibidil iompair chun tacú le forbairt rotharbhealaí taobh le scéimeanna bóithre náisiúnta nua (TS63) agus chun tacú le forbairt mol iompair phoiblí ar imeall an bhaile (TS20) ar an Treoir Pleanála a bhfuil sé mar aidhm léi iompar inbhuanaithe a chur chun cinn agus tacú le húsáid iompair phoiblí Bóithre Náisiúnta.

Tá eolas curtha ar fáil do na cuspóirí a bhaineann le Bóithre Náisiúnta sa Dréachtphlean in aighneacht fhoirmiúil mhionsonraithe TII mar fhreagairt d'Fhógra Alt 11 (2) eisithe ag Comhairle Contae Loch Garman in 2017 agus na comhairliúcháin leantacha ina dhiaidh sin in 2020 idir Comhairle Contae Loch Garman agus TII.

13. Treoirlínte Pleanála Miondíola d'Údaráis Phleanála agus Lámhleabhar Dearadh Miondíola – Treoir Dea-Chleachtas (2012)

Áirítear in Imleabhar 8 den Phlean an Straitéis Mhiondíola atá ullmhaithe ag féachaint do na Treoirlínte Pleanála Miondíola d'Údaráis Phleanála (2012). Áirítear i Rannóg 6.3 d'Imleabhar 8 na Beartais Pleanála Miondíola ginearálta don Chontae agus cuspóirí sonracha don cheithre phríomhbhaile. Sonraítear i gCuspóir WXC01 go n-áiritheoidh an t-údarás pleanála go bhfuil gach forbairt miondíola ceadaithe de réir na dTreoirlínte Pleanála Miondíola d'Údaráis Phleanála (TPManna) agus Straitéis Miondíola Chontae Loch Garman.

De réir mar a cheanglaítear i Rannóg 3.3 den Straitéis Miondíola:

- Sonraítear an t-ordlathas miondíola don chontae agus deimhnítear an leibhéal agus foirm na gníomhaíochta miondíola atá oiriúnach do gach ceann de na príomhbhaile (Tábla 1.3 agus Caibidil 5 Ceanglais Spás Urláir Miondíola Measta).

- Sainnithnítear na príomhlimistéir siopadóireachta agus láithreáin deise a d'fhéadfadh, faoi réir na tástála seicheamhaí, freastal ar na riachtanais atá ag formáidí miondíola nua-aimseartha don cheithre phríomhbhaile (Rannóg 6.2).
- Áirítear ann measúnú leathan ar an gceanglas a bhaineann le spás urláir miondíola breise sa Chontae (Caibidil 5).
- Sonraítear ann an Treoir Straitéiseach maidir le suíomh agus critéir le haghaidh measúnú a dhéanamh ar na cineálacha éagsúla d'fhorbairt miondíola (Caibidil 6).
- Tá caighdeáin bainistíochta forbartha curtha san áireamh i gCaibidil 6 agus in Imleabhar 2 Lámhleabhar Bainistíochta Forbartha chomh maith.
- Áirítear ann cuspóirí agus tionscnaimh cosúil le bearta bainistíochta soghluaisteachta (Caibidil 8 Ráiteas i Scríbhinn agus Caibidil 4 Straitéis Miondíola) agus idirghabhálacha don ríocht phoiblí (Caibidil 4)

14. Soláthar Scoileanna agus an Córas Pleanála - Cód Cleachtais d'Údaráis Phleanála (2008)

Áirítear i gCaibidil 15 Pobail Inbhuanaithe agus Infreastruchtúr Sóisialta rannóg maidir le háiseanna oideachais agus tagraítear go sonrath i gCuspóir SC18 do chur chun feidhme na dtreoirínite seo.

De réir Rannóg 3 de na treoirínite (Suíomh Scoileanna – Breithniúcháin Phleanála), sonraítear i Rannóg 15.7.2 gur cheart go mbeadh na háiseanna scoile nua lonnaithe chomh gar agus is féidir do nó laistigh de príomhlimistéir chónaithe agus taobh le forbairtí pobail cosúil le hionaid pobail, páirceanna imeartha agus leabharlanna ionas gur féidir an oiread tairbhe agus is féidir a bhaint as an bhféidearthacht a bhaineann le háiseanna a roinnt. Sonraítear ann freisin gur cheart socrúithe scoile ilchampais a bhreithniú e.g. 2/3 bhunscoil taobh le taobh nó bunscoil agus scoil iarbhunoideachais ag roinnt suímh. Chomh maith leis sin, ceanglaíonn Cuspóir SC21 go n-áireofar i bhforbairtí cónaithe suntasacha (100+ aonad ar thalamh criosaithe) measúnú ar na scoileanna atá sa cheantar cheana féin agus a n-acmhainn de réir Chuspóir SC34 (Iniúchadh ar Infreastruchtúr Sóisialta).

15. Treoirlínte Saoráidí Cúraim Leanaí (2001)

Áirítear i gCaibidil 15 Pobail Inbhuanaithe agus Infreastruchtúr Sóisialta rannóg maidir le saoráidí cúraim leanaí ina bhfuil fianaise ar na treoirlínte seo le fáil. Áirítear sa rannóg seo cuspóir chun na treoirlínte a chur chun feidhme (Cuspóirí SC16 agus SC17). Sonraítear in PFC gurb é an nós caighdeánach saoráid cúraim leanaí amháin a sholáthar, ina mbeidh 20 leanbh, le haghaidh thart ar 75 teach cónaithe. Tá solúbthacht luaite leis an gCuspóir seo, áfach, a cheadaíonn an caighdeán a mhodhnú sa chás go bhfuil cúiseanna suntasacha leis sin, mar shampla, measúnú chun dáileadh geografach reatha saoráidí cúraim leanaí a chur san áireamh mar aon le próifíl dhéimeagrach an cheantair.

Tagraítear in Imleabhar 2 Lámhleabhar Bainistíochta Forbartha freisin do mheasúnú ar iarratais phleanála do shaoráidí cúraim leanaí de réir Rannóg 3 (Rialú Forbartha agus caighdeáin ghaolmhara do Shaoráidí Cúraim Leanaí) agus Aguisín 3 (Faisnéis ba cheart d'iarratasóir ar chead phleanála le haghaidh saoráidí cúraim leanaí a sholáthar) de na treoirlínte.

16. Cosaint Oidhreachta Ailtireachta-Treoirlínte d'Údaráis Phleanála (2004 agus 2011)

Baineann Caibidil 13 den Phlean le hOidhrecht agus áirítear ann oidhrecht ailtireachta agus seandálaíochta. Tá saibhreas d'oidhrecht luachmhar seandálaíochta le fáil i gContae Loch Garman ar mian leis an gComhairle í a chosaint agus a fheabhsú. Tá dhá phríomh-mheicníocht ann - Déanmhais Chosanta agus Limistéir Chaomhaontais Ailtireachta (LCA) a chosnaíonn agus a fheabhsaíonn an oidhrecht ailtireachta seo. Sonraítear in Imleabhar 5 Taifead na nDéanmhais Cosanta agus díritear in Imleabhar 6 ar Limistéir Chaomhaontais Ailtireachta. Tá na cuspóirí a bhaineann le hoidhrecht ailtireachta bunaithe ar ábhar agus ar chomhairle atá le fáil sna treoirlínte, agus tagraítear go díreach dóibh i gCuspóirí BH09 agus ACA08.

17. Cosaint Oidhreachta Ailtireachta d'Ionaid Adhartha-Treoirlínte d'Údaráis Phleanála (2003)

Is é an aidhm atá leis na treoirlínte seo a áirithiú gur ann don chothromaíocht chuí idir cosaint na hoidhreachta ailtireachta agus an gá atá le húsáid leanúnach a bhaint as an

déanamhas cosanta mar ionad adhartha. Leagtar béim sna treoirlínte seo ar an tábhacht a bhaineann le ceanglais liotúirgeacha a urramú lena n-áirítear a chur san áireamh go mb'fhéidir go mbeidh séipéil ag iarraidh ionaid adhartha a oiriúnú i bhfianaise athbhreithnithe comhaimseartha ar chúrsa adhartha agus ar a misean. Tuigeann an Chomhairle go mbaineann tábhacht le hionaid adhartha, sa mhéid is gur cuid shuntasach iad d'oidhreacht ailtireachta agus cultúrtha an bhaile. Ba cheart don Údarás Pleanála breithniú cúramach a dhéanamh ar thograí chun foirgnimh den chineál sin a athrú agus beidh aird chúí ag an Údarás Pleanála ar na treoirlínte seo. Tá na cuspóirí a bhaineann le cosaint ionad adhartha poiblí an bhaile agus Taifead na nDéanamhas Cosanta atá le fáil in Imleabhar 5 de PFC mar bhonn leis na treoirlínte seo.

18. Aeróga Teileachumarsáide agus Struchtúir Thacaíochta (1996) agus Imlitir PL07/12

Áirítear i gCaibidil 9 rannóg maidir le Teileachumarsáid agus leathanbhanda. Cuimsítear sa rannóg seo treoir ábhartha agus cuspóir (Cuspóir TC06) aird a thabhairt ar na treoirlínte agus ar Imlitir PL07/12 (Deireadh Fómhair 2012) a nuashonraigh rannóga ar leith de na treoirlínte. Tá caighdeán bainistíochta forbartha gaolmhar ann freisin, Imleabhar 2 Lámhleabhar Bainistíochta Forbartha.

19. Fuinneamh Gaoithe - Treoirlínte d'Údaráis Phleanála (2006), Treoirlínte Eatramhacha d'Údaráis Phleanála maidir le Pleananna Reachtúla, Fuinneamh In-athnuaite agus Athrú Aeráide (2013) agus Dréacht-Treoirlínte Leasaithe Forbartha Fuinneamh Gaoithe (2019).

Áirítear sa Straitéis Fuinnimh, Imleabhar 10 den Phlean, cuspóir chun forbairt fuinneamh gaoithe a chur chun cinn agus a éascú de réir na nDréacht-Treoirlínte Leasaithe Forbartha Fuinneamh Gaoithe. Tá rannóg Fhuinneamh Gaoithe na Straitéise Fuinnimh forbartha de réir na dtreoirlínte thuasluaite. Sainithnítear ann limistéir den chontae ina mbeidh glacadh i bprionsabal le forbairt fuinneamh gaoithe, ina mbeifear sásta breithniú a dhéanamh nó nuair nach mbeidh sé ceadaithe de ghnáth. Tá na limistéir seo sainaitheanta trí úsáid a bhaint as anailís chriatharmhapála ar na príomhchritéir chomhshaoil, tírdhreacha, theicniúla agus gheilleagracha atá molta sna treoirlínte. Tugadh aird ar leith ar na Cineálacha Carachtar Tírdhreacha i Rannóg 3.7 de na dréacht-treoirlínte agus acmhainn na gcineálacha

tírdhreacha seo freastal ar fhorbairt feirm ghaoithe. Tá caighdeáin bainistíochta forbartha curtha san áireamh sa Straitéis Fuinnimh freisin ag féachaint do Chaibidil 5 agus 6 de na dréacht-treoirlínte.

20. Cairéil agus Gníomhaíochtaí Coimhdeacha-Treoirlínte d'Údaráis Phleanála (2004)

Déileáiltear le heastóscadh acmhainní tathagaithe i gCaibidil 6 Forbairt Gheilleagrach (Rannóg 6.7.5.5) agus Imleabhar 2 Caighdeáin Bainistíochta Forbartha (Rannóg 5.8). Tá na Treoirlínte curtha san áireamh sa PFC. Go háirithe, aithnítear an luach eacnamaíoch a bhaineann le heastóscadh acmhainní tathagaithe sa chontae agus éascóidh PFC, trína chuspóirí, eastóscadh acmhainní tathagacha ar bhealach a íoslaghdaíonn na tionchair dhíobhálacha a d'fhéadfadh a bheith ag a leithéid ar an timpeallacht, áiseanna náisiúnta agus oidhreacht thógtha. Tagraítear go sonrath do Chuspóir ED107 sna treoirlínte.

21. Cur chun feidhme threoir SEA (2001/42/CE): Measúnú ar Éifeachtaí Pleananna agus Tionscadal Áirithe ar an Timpeallacht-Treoirlínte d'Údaráis Réigiúnacha agus d'Údaráis Phleanála (2004)

Bhí na treoirlínte seo mar bhonn le hullmhú Mheasúnú Straitéiseach Timpeallachta (MSA) PFC atá san áireamh in Imleabhar 12. Tá na moltaí agus bearta maolaithe ar fad ón bpróiseas MSA curtha san áireamh sa Phlean.

22. Treoirlínte d'Údaráis Phleanála agus do An Bord Pleanála maidir le Measúnú Tionchair Timpeallachta a chur i gcrích (2012)

Is é an aidhm atá leis na Treoirlínte treoir phraiticiúil a sholáthar d'údaráis phleanála agus do An Bord Pleanála maidir le saincheistean na n-imeachta agus teicniúla a bhaineann leis an gceanglas Measúnú Tionchair Timpeallachta (MTT) a chur i gcrích i gcásanna ábhartha. Áirítear in PFC rannóg a dhearbhaíonn go mbeidh aird ag an gComhairle ar na treoirlínte agus ar aon leagan nuashonraithe nuair a bheidh iarratais phleanála ábhartha á meas.

23. Tírdhreach agus Measúnú Tírdhreacha-Treoirlínte d'Údaráis Phleanála (2000) Dréacht

Áirítear in Imleabhar 7 de PFC an Measúnú ar Nádúr an Tírdhreacha (MNT). Cuireann an MNT leis na MNTanna a cuireadh i dtoll a chéile roimhe seo. Tugtar aird ann ar na treoirlínte

seo. Áirítear i gCaibidil 11 Tírdhreach agus Oidhreach rannóg maidir le bainistíocht tírdhreacha a áirítear inti Cuspóir L01-aird a thabhairt ar MNT agus ar na treoirlínte seo nuair a bhíonn iarratais phleanála á meas.